



The Law Reform Commission
AN COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

AN COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

RÁITEAS STRAITÉISE 2006-2008

CLÁR ÁBHAIR

RÉAMHFHOCAL LE H-UACHTARÁN AN CHOIMISIÚIN.....	3
RÉAMHRÁ.....	4
SAINORDÚ.....	5
RÁITEAS BUNCHUSPÓRA.....	6
LUACHANNA.....	7
FOIREANN AGUS STRUCHTÚIR.....	8
PRÍOMHCHÉIMEANNA I GCEAPADH TOGRAÍ ATHCHÓIRITHE DLÍ.....	9
Foinsí oibre an Choimisiúin.....	9
Clár Oibre Bliantúil.....	9
Próiseas Taighde.....	9
Páipéar Comhairliúcháin.....	10
Comhairliúchán Poiblí.....	10
Tuarascáil.....	10
TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN, DÚSHLÁIN AGUS DEISEANNA.....	11
Réamhrá.....	11
An Dlí agus an tSochaí/Páirteachas an Phobail.....	11
Acmhainní agus Clár Nuachóirithe an Rialtais.....	12
Caidreamh leis an Ard-Aighne.....	12
Caidrimh Sheachtracha.....	13
Próisis.....	14
Bainistíocht Riosca.....	14
Coimriú.....	15
BUNCHUSPÓIRÍ- RÉAMHRÁ.....	16
BUNCHOSPÓIR 1.....	17
BUNCHUSPÓIR 2.....	18
BUNCHUSPÓIR 3.....	20
BUNCHUSPÓIR 4.....	22
BUNCHUSPÓIR 5.....	24
SOCRUITHE MONATÓIREACHTA.....	26

RÉAMHFHOCAL LE H-UACHTARÁN AN CHOIMISIÚIN

Tá an-áthas orm, agus ar mo chomhghleacaithe sa Choimisiún, ár Ráiteas Straitéise do 2006-2008 a chur i láthair.

Leagann an Ráiteas seo síos na bun-tosaíochtaí agus straitéisí atá ar intinn againn don tréimhse sin chun a chinntiú go mbeidh ról lárnach i gcónaí ag an gCoimisiún agus go mbeidh páirt shuntasach aige i dtaca le hathchóiriú an dlí agus go dtabharfar faoi na himeachtaí ar fad a dhéantar ar a shon i mbealach lán-éifeachtach agus cost-éifeachtúil.

Cuireadh an Ráiteas le chéile tar éis dul i gcomhairle go forleathan le foireann an Choimisiúin agus tá a lán de na moltaí a rinne siad le linn an phróisis chomhairliúcháin sin corpraithe sa ráiteas. Tá páirt ríthábhachtach ag foireann dhlíthiúil agus neamhdhlíthiúil an Choimisiúin ina chuid oibre. Ní taise d'fhoinsí seachtracha – idir dhaoine aonair agus eagraíochtaí i réimsí dlíthiúla agus i réimsí eile – a mbaineann an Coimisiún leas astu chun cuidiú leis gnéithe áirithe dá ghníomhaíochtaí a chur i gcrích. Is mór go deo ag an gCoimisiún an cúnamh sin.

Tá rún daingean ag an gCoimisiún gur doiciméad bheo oibre a bheidh sa Ráiteas Straitéise seo, lárfhoinse na mbuntosaíochtaí, maraon le freagrachtaí agus cuntasachtaí bainteacha, don Choimisiún agus don fhoireann araon, a bheidh le leanúint sa tréimhse 2006-2008. Bhí sé fíorthábhachtach don Choimisiún agus é ag ullmhú an ráitis seo go gcinnteofaí go mbeadh ciall dáiríre leis agus go gcuirfeadh sé in iúl i mbealach a bheadh praiticiúil agus a thuigfí go soiléir cad a bheadh faoin gCoimisiún a bhaint amach idir seo agus 2008 agus conas a bhainfeadh sé amach a chuid cuspóirí. Tá an bhéim san doiciméad ar fad ar anailís agus ar ghníomhaíocht atá díreach agus curtha i láthair go soiléir.

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn rialta ar an dul chun cinn i dtreo an 5 Bhunchuspóir atá leagtha síos sa Ráiteas Straitéise a bhaint amach. Déanfaidh sé monatóireacht ar fheidhmíocht, aithneoidh sé na cúiseanna atá leis nuair nach bhfuil spriocanna á mbaint amach, agus déanfaidh sé an beart is gá chun an scéal a leigheas. Freisin, déanfaidh sé athbhreithniú ar agus aithneoidh sé treochoíochtaí agus forbairtí ginearálta inmheánacha agus seachtracha ábhartha d'obair an Choimisiúin a bhféadfadh dá mbarr go mbeadh gá le hathruithe ar aidhm nó ar threo straitéisí an Choimisiúin in imthosca áirithe.

Tá dóchas ag an gCoimisiún, i gcomhpháirtíocht lena fhoireann, go gcoinneoidh na tosaíochtaí, na gníomhaíochtaí agus an cur chuige atá cuimsithe ag an Ráiteas Straitéise seo an Coimisiún chun tosaigh in athchóiriú dlí agus go gcuirfidh sé ar a chumas leanúint air ag comhlíonadh an tsainordaithe atá tugtha dó.

RÉAMHRÁ

Is é an Ráiteas Straitéise seo an tríú plean straitéiseach de chuid an Choimisiúin. Clúdaíonn sé a tréimhse 2006-2008, an dá bhliain san áireamh.

Tugann an Ráiteas léargas ar thuairimí an Choimisiúin agus na hardbhainistíochta ar a bhfuil le déanamh chun an leas is fearr is féidir a bhaint as ról agus páirt lárnach an Choimisiúin i dtaca le hathchóiriú an dlí agus chun a chinntiú go mbeidh an eagraíocht ag oibriú le héifeacht agus éifeachtúlacht den scoth agus go mbainfidh sé an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil.

Cuireadh an Ráiteas le chéile tar éis dul i gcomhairle go forleathan le foireann an Choimisiúin agus tá roinnt pointí tábhachtacha a rinne siad le linn an phróisis chomhairliúcháin sin corpraithe sa Ráiteas.

Bhí an bhéim agus an ráiteas á chur le chéile ar a chinntiú go mbeadh ciall dáiríre leis don eagraíocht agus don fhoireann. Níor mhór dó buntosaíochtaí an Choimisiúin do 2006-2008 a chur in iúl. Níor mhór dó freagrachtaí agus cuntasachtaí soiléire a leagadh síos chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach. Níor mhór dó a bheith ar an doiciméad oibre ba thábhachtaí don Choimisiún, don bhainistíocht agus don fhoireann agus doiciméad a mbeadh siad ag tagairt di de shíor agus iad ag déanamh measúnú ar fheidhmíocht agus ar fhorbairt na heagraíochta. Ní amháin sin, ach níor mhór dó a bheith scríofa i mbealach a bheadh soiléir, díreach agus sothuigthe, ag léiriú buntréithe obair an Choimisiúin agus cad a bhí faoi a bhaint amach.

Ba iad na prionsabail sin na buntionchair a bhí ar fhoirmáid, stíl agus fad an Ráitis Straitéise seo.

SAINORDÚ

Bunaíodh an Coimisiún faoin Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975 agus é mar shainordú aige an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú, scrúduithe a ghabháil de láimh agus taighde a sheoladh d'fhonn an dlí a athchóiriú, agus tograí a cheapadh le haghaidh athchóiriú an dlí. Tá sé freagrach don Rialtas tríd an Taoiseach as an sainordú sin a chomhlíonadh.

De réir Acht 1975 ciallaíonn an dlí dlí an Stáit (lena n-áirítear dlí idirnáisiúnta) agus folaíonn sé ábhair chleachtais nó nós imeachta dlíthiúil. De réir an Achta ciallaíonn athchóiriú, maidir leis an dlí nó brainse den dlí, a fhorbairt, a chódú (lena n-áirítear go háirithe a shimplíú agus a fhreacnairciú) agus athbhreithniú agus comhdhlúthú an dlí reachtúil.

Forálann Acht 1975 freisin go mbeidh Uachtarán agus ceithre comhalta eile ar an gCoimisiún arna gceapadh ag an Rialtas ar feadh tréimhse oifige nach rachaidh thar chúig bliana agus go bhféadfar iad a athcheapadh. Tá an tUachtarán agus aon comhalta amháin eile den Choimisiún lánaimseartha.

Nuair a bhí Acht 1975 á thabhairt isteach i nDáil Éireann, rinne an tArd-Aighne ag an am coimriú beacht ar an smaoineamh a bhí taobh thiar de bhunú an Choimisiúin:

“Má éiríonn dlíthe pobail mí-oiriúnach do na feidhmeanna a bhí ceaptha dóibh, má théann siad as dáta, má bhíonn siad ró-líonmhar, nó róscagtha ag léirmhíniú breithiúnach, ansin tiocfaidh méadú ar líon na gcásanna éagóra aonair agus is í an tsochaí trí chéile a bheidh thíos leis. Ba cheart do Rialtais i saol atá dinimiciúil agus ag athrú go tapa a chinntiú go gcoinnítear na dlíthe faoi athbhreithniú de shíor agus go ndéantar athchóiriú go rialta orthu.”

Is dóigh leis an gCoimisiún go bhfuil an tuairim sin fós an-ábhartha sa lá atá inniu ann.

RÁITEAS BUNCHUSPÓRA

An dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, neamhchlaon agus saineolach agus moltaí a dhéanamh mar thoradh ar sin d'athchóiriú an dlí.

LUACHANNA

Agus é ag comhlíonadh a shainordú cuireann an Coimisiún béim ar leith ar na luachanna seo a leanas:

- Neamhspleáchas. Is é an neamhspleáchas iomlán a thugtar don Choimisiún agus é ag déanamh athbhreithniú ar an dlí agus ag cur tograí le chéile i gcomhair athchóiriú riachtanach an gné is tábhachtaí i gcinntiú go gcomhlíonann sé go hiomlán a chuid oibleagáidí faoina shainordú.
- Neamhchlaontacht. Aithníonn an Coimisiún go bhfuil sé ríthábhachtach go gcomhlíonfadh sé a shainordú i mbealach neamhchlaon agus oibiachtúil agus cloíonn sé go hiomlán leis na prionsabail sin i ngach gné dá chuid oibre.
- Ardchaighdeán taighde. Tá taighde i gcroí obair an Choimisiúin. Aithníonn an Coimisiún an fíorghá atá le taighdeoirí dúthrachtacha ar ardchaighdeán a earcú agus a chinntiú go n-oibríonn an réimse seo le barr éifeachtachta agus éifeachtúlachta.
- Caidrimh éifeachtúla. Baineann an Coimisiún úsáid mhór as saineolaithe seachtracha dlí agus eile mar bhaill de ghrúpaí oibre a bhfuil ról tábhachtach acu i gcuidiú leis i scrúdú réimsí áirithe dlí. Bíonn caidreamh leanúnach aige freisin le hOifig an Ard-Aighne, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus Ranna eile ar ábhair bainteach lena shainordú. Measann an Coimisiún go bhfuil buntábhacht ó thaobh a chuid oibre de le caidrimh éifeachtúla a fhorbairt sna réimsí sin.
- Cultúr feidhmíochta. Creideann an Coimisiún go láidir gur cheart go mbeadh cultúr feidhmíochta (maraon le freagrachtaí agus cuntasachtaí soiléire), a leagann síos ardchaighdeán feabhais agus a bhíonn de shíor ag iarraidh an bealach a ndéantar rudaí a fheabhsú, ag baint lena a chuid gníomhaíochtaí uile agus é ag comhlíonadh a shainordú.
- Foireann. Aithníonn an Coimisiún an pháirt ríthábhachtach atá ag an bhfoireann ar fad, idir riaracháin agus dhlíthiúil, i bhfeidhmíocht éifeachtúil. Glacann sé go hiomlán leis gur gá go mbeadh an fhoireann ar fad páirteach ar bhonn comhpháirtíochta i ngníomhaíochtaí leanúnacha agus go ndéanfaí forbairt freisin, i gcomhar leis an bhfoireann, ar shocruithe éifeachtúla cumarsáide ar fud na heagraíochta.

FOIREANN AGUS STRUCHTÚIR

Cé go bhfuil foireann na heagraíochta roinnte i ngrúpaí difriúla tá na grúpaí sin comhcheangailte le chéile agus oibríonn siad i gcomhar le chéile ar réimse leathan gníomhaíochtaí. Bíonn páirt an-tábhachtach ag gach ceann díobh i gcomhlíonadh na ngníomhaíochtaí sin go héifeachtúil.

Ar an meitheal riaracháin, faoi cheannas an Rúnaí/Ceann Riaracháin, tá Oifigeach Feidhmiúcháin agus 3 Oifigeach Cléireachais. Tá trí ról ag an meitheal sin. Treoraíonn sí na caidrimh leanúnacha le hOifig an Ard-Aighne ar réimse ábhar mar an buiséad bliantúil, forfheidhmiú an chláir um nuachóiriú na státseirbhíse, tionscnaimh airgeadais agus eile ag éirí as polasaithe Rialtais. Tacaíonn sí le gníomhaíochtaí na heagraíochta trí sheirbhísí theicneolaíocht an eolais, airgeadais, acmhainní daonna agus priontála agus foilsitheoireachta. Cuireann sí tacaíocht ghinearálta ar fáil don eagraíocht i dtaca le hábhair mar foirgnimh, cóiríocht, ceannach, soláthar agus sábháilteacht.

Tacaíonn an Bainisteoir Eolais Dlí agus an Catalógóir, a thuairiscíonn don Rúnaí/Ceann Riaracháin, go háirithe le hobair na foirne taighde dlí agus freisin leis an eagraíocht trí chéile trí sheirbhísí leabharlainne agus eolais a chur ar fáil i gcomhpháirtíocht le leabharlanna agus soláthróirí taighde eile.

Is é ról an Bhainisteora Tionscadail cumarsáid agus naisc éifeachtacha a fhorbairt le Ranna, ollscoileanna, Comhairle an Bharra agus an Cumann Dlí, d'fhonn timpeallacht dhearfach a chinntiú do dhul chun cinn agus forfheidhmiú obair an Choimisiúin.

Ar an meitheal taighde dlí, faoi cheannas an Stiúrthóra Taighde, tá 8 Taighdeoir Dlí lánaimseartha a bhíonn fostaithe de ghnáth ar chonarthaí bliana a bhféadfaí athnuachan a dhéanamh orthu. Is í an obair thaighde a bhíonn ar bun ag an bhfoireann sin croí-ghníomhaíocht na heagraíochta agus an ghné is tábhachtaí i bhforfheidhmiú shainordú an Choimisiúin. Déantar coimriú sa chéad mhír eile ar na príomhchéimeanna atá i gceist i gcur gníomhaíochtaí taighde chun cinn agus i gceapadh moltaí d'athchóiriú dlí ina dhiaidh sin.

PRÍOMHCHÉIMEANNA I GCEAPADH TOGRAÍ ATHCHÓIRITHE DLÍ

Foinsí oibre an Choimisiúin

De réir Acht 1975, aithníonn an Coimisiún réimsí ábhartha dlí le haghaidh athbhreithniú ó thaobh athchóirithe dlí in dhá bhealach:

- trí fhorbairt chláir athchóirithe dlí ag an gCoimisiún, i gcomhairle leis an Ard-Aighne agus le faomhadh an Rialtais. Clúdaíonn Dara Clár um Athchóiriú Dlí an Choimisiúin, 2000-2007, 32 ábhar faoi 13 rang gaolmhara. Tá an téacs iomlán le fáil san aguisín;
- trí iarratais (a gcaithfear iad a chomhlíonadh) ón Ard-Aighne ar an gCoimisiún scrúdú agus taighde a dhéanamh ar réimsí áirithe dlí agus, má gá, tograí le haghaidh athchóiriú air a cheapadh agus a chur faoina bhráid. Tá 3 iarratas dá leithéid sin ag an gCoimisiún i láthair na huaire.

Clár Oibre Bliantúil

I dtaca le clár 2000-2007, aithníonn an Coimisiún na hábhair áirithe atá le leanúint i ngach bliain den chlár. Nuair a chuirtear iad sin le chéile, bíonn clár rothlaithe oibre ann d'ábhair le scrúdú agus le tabhairt chun críche thar tréimhse an chláir. Pléitear le hábhar a chuimsítear ar iarratas ón Ard-Aighne nuair a fhaightear an t-iarratas.

Próiseas Taighde

Is coimriú é seo a leanas ar na príomhchéimeanna a bhíonn i gceist le tionscadal taighde a thabhairt chun críche faoi na nósanna imeachta atá leagtha síos i bPrótacail Taighde an Choimisiúin.

Nuair a aithnítear ábhar (beag beann ar a fhoinsé), bíonn sé ansin ina ábhar tionscadail taighde. Cuirtear Taighdeoir Dlí, ag obair chuig an Stiúrthóir Taighde, ag obair ar an tionscadal. Baineann an chéad chéim le scrúdú ag an Taighdeoir Dlí ar mar a atá dlí na hÉireann clúdaithe cheana féin ag an ábhar, na réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur air, agus athbhreithniú ar dlí agus cleachtas comparáideach idirnáisiúnta. Ullmhaíonn an fhoireann taighde (an Taighdeoir Dlí i gcomhar leis an Stiúrthóir Taighde) “doiciméad scóipeála” agus cuirtear faoi bhráid an Choimisiúin é le bhreithniú. Leagann an doiciméad sin síos i dtéarmaí ginearálta go leor an scóip a mholfaí don taighde a bheadh le déanamh.

Tar éis don Choimisiúin an doiciméad a bhreithniú, ansin scrúdaíonn an fhoireann taighde na ceisteanna ábhartha i bhfianaise thuairimí an Choimisiúin agus ullmhaíonn tuilleadh doiciméad le breithniú ag an gCoimisiún.

Agus na doiciméid seo á ndrúachtadh, déantar roinnt mhaith comhairliúcháin thar speictream leathan – le lucht dlí, acadúil agus cleachtais, lucht gairme eile i ndisciplíní ábhartha, Ranna Rialtais, daoine agus grúpaí a bheadh in ann cuidiú suntasach a thabhairt i dtéarmaí eolais ar nó speisialtacht san ábhar i gceist, agus grúpaí sainleasa a bhféadfadh leasú ar an dlí atá cuimsithe ag an ábhar éifeacht shuntasach a bheith aige orthu.

Is í bunaidhm an phróisis seo a chinntiú go gcuirtear ábhar cuimsitheach i láthair an Choimisiúin ar na ceisteanna tábhachtacha go léir atá cuimsithe ag an ábhar chun a chur ar a chumas cinní polasaí a dhéanamh ar na tosaíochtaí atá le leanúint d'fhonn athchóiriú a dhéanamh ar réimsí áirithe dlí a bheadh aitheanta aige agus ar aidhm agus treo ginearálta an taighde a bhainfeadh leis.

Agus an taighde seo á dhéanamh, baintear úsáid as curtha chuige difriúla. I gcásanna áirithe, bunaítear Grúpa Oibre. Ar an ngrúpa seo de ghnáth bíonn cuid díobh sin nó iad sin ar fad atá cuimsithe ag an bpróiseas comhairliúcháin a luadh níos luaithe agus is é an cúram bunúsach a bhíonn orthu ná cabhrú go ginearálta i gcur an taighde chun cinn agus i gcuidiú le breithniú an Choimisiúin ar na mórcheisteanna. De réir mar is gá bunaítear grúpaí ad hoc, ionadaíoch ar dhisciplíní dlí agus eile ag brath ar an ábhar faoi athbhreithniú, chun comhairle a chur ar an gCoimisiún faoi ábhair shonracha.

Páipéar Comhairliúcháin

Beag beann ar an mbealach a roghnaítear, bíonn Páipéar Comhairliúcháin mar thoradh air i ndeireadh na dála. Is doiciméad chuimsitheach í seo a phléann leis an ábhar i gceist agus a leagann amach, inter alia, torthaí an taighde agus moltaí sealadacha an Choimisiúin chun an dlí a leasú.

Comhairliúchán Poiblí

Foilsíonn an Coimisiún an Páipéar Comhairliúcháin agus lorgaíonn sé aighneachtaí i scríbhinn ar a mholtaí sealadacha. I gcónaí beagnach, bíonn seimineár ann freisin mar a dtugtar daoine agus páirtithe ábhartha agus iadsan a rinne aighneachtaí i scríbhinn ar an ábhar le chéile chun plé a dhéanamh ar aidhm agus ar chonclúidí an taighde agus ar na moltaí sealadacha sa Pháipéar Comhairliúcháin.

Tuarascáil

Nuair a thagann deireadh leis an mionphróiseas comhairliúcháin mar atá luaite, breithníonn an Coimisiún aon leasaithe riachtanacha breise ar na moltaí sealadacha sa Pháipéar Comhairliúcháin. Ansin foilsíonn sé a Thuarascáil dheiridh ag leagadh amach a mholtaí deifnídeacha d'athchóiriú an dlí sa réimse áirithe faoi athbhreithniú. Má tá an t-ábhar san áireamh i gclár athchóirithe dlí an Choimisiúin, cuirtear an Tuarascáil faoi bhráid an Taoisigh. Má thagann an t-ábhar as iarratas ón Ard-Aighne, cuirtear an Tuarascáil faoi bhráid an Ard-Aighne. Bíonn dréacht-Bhille i dteannta mholtaí an Choimisiúin ina Thuarascáil sa chás go bhfuil sé sin ábhartha.

TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN, DÚSHLÁIN AGUS DEISEANNA

Réamhrá

I dtimpeallacht atá ag athrú de shíor, ní mór don Choimisiún na tosca seachtracha agus inmheánacha sin a bhfuil tionchar tábhachtach acu ar chomhlíonadh a chuid gníomhaíochtaí a chur san áireamh. Is iad na mórthosca maidir le sin, a bhfuil forbairt déanta thíos orthu, ná:

- an gaol idir an dlí agus an tsochaí;
- leibhéal na n-acmhainní atá ar fáil don Choimisiún;
- clár an Rialtais um nuachóiriú na státseirbhíse;
- iarratais ón Ard-Aighne ar an gCoimisiún réimsí áirithe den dlí a scrúdú;
- na caidrimh leanúnacha idir an Coimisiún agus daoine agus aonaid sheachtracha i réimsí an dlí agus i réimsí eile;
- an gá atá lena chinntiú go mbeidh na príomhphróisis a úsáideann an eagraíocht, go háirithe iadsan atá ábhartha do chothabháil agus d'fhorbairt, a cuid eolais agus cumais dlí, ag oibriú i gcónaí i mbealach lán-éifeachtach agus lán-éifeachtúil agus go bhfreagróidh siad d'athruithe ar riachtanais agus ar imthosca;
- an gá atá le straitéis bainistíochta riosca éifeachtach agus cuimsitheach a fhorbairt de réir phrionsabail Mullarkey agus riachtanais dea-rialaithe;
- an gá atá le cultúr feidhmíochta a choinneáil ar fud na heagraíochta agus páirt iomlán a bheith ag an bhfoireann ar bhonn comhpháirtíochta i bheith ag iarraidh teacht de shíor ar bhealaí chun feidhmíocht a fheabhsú;
- an gá atá leis go mbeadh an pháirt is mó is féidir ag an bpobal agus geallshealbhóirí eile i bhforbairt agus i bhforfheidhmiú clár athchóirithe dlí an Choimisiúin.

An Dlí agus an tSochaí/Páirteachas an Phobail

Is toisc ríthábhachtach a bhfuil tionchar aici ar obair an Choimisiúin an t-athrú atá ag teacht ar an gcaidreamh idir an dlí agus an tsochaí.

Go bunúsach, is é an dlí an gliú a ghreamaíonn le chéile na heilimintí éagsúla as an bhfuil sochaí comhdhéanta. Tá suíomh lárnach aige freisin i bpátrún casta na gcaidreamh atá idir na heilimintí éagsúla. Ar na heilimintí sin tá an Rialtas, institiúidí, daoine, agus nósanna, luachanna, dearcadh agus iompraíocht na sochaí atá i gceist. Ní féidir leis an dlí a bheith ann ar a shon féin amháin nó i bhfolús. Tá sé ann chun freastal ar an tsochaí agus oibríonn sé laistigh de chreat na sochaí sin.

Má tá an dlí leis an ról lárnach sin a choinneáil i gcónaí, agus má tá sé i gcónaí le ciall dáiríre a bheith aige don tsochaí ar a bhfuil sé ag freastal, caithfidh sé forbairt leis an tsochaí sin. Caithfidh sé na hathruithe atá ag teacht ar luachanna agus dearcadh na sochaí sin a léiriú. Caithfear é a chur in iúl i dtéarmaí nua-aimseartha, soiléire agus sothuigthe. Ní amháin sin, ach caithfear deis a thabhairt do na daoine laistigh den tsochaí sin a dtuairimí a chur in iúl ar na dlíthe atá i bhfeidhm agus ar athchóiriú na ndlíthe sin nuair a bhíonn sé sin riachtanach.

Bhí mórthionchar ag an prionsabail sin ar ullmhú an Ráitis Straitéise seo. Cuireann an Ráiteas béim mhór ar an ngá atá leis an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú agus é a thabhairt suas go dáta ag cur athruithe sa tsochaí san áireamh agus ar an ngá atá leis go mbeadh an t-ionchur is mó is féidir ag an bpobal mar geallshealbhóirí tábhachtacha in obair an Choimisiúin.

Acmhainní agus Clár Nuachóirithe an Rialtais

Is tosca gaolmhara iad an leibhéal acmhainní a chuirtear ar fáil don Choimisiún agus clár an Rialtais um nuachóiriú na státseirbhíse agus tá tionchar tábhachtach acu freisin ar an gcaoi a n-oibríonn an eagraíocht. Ar ndóigh, ní bheidh an eagraíocht in ann feidhmiú go barr feabhais mura mbíonn na hacmhainní riachtanacha aici. Ach bheadh sé róshimplí a rá gur ar acmhainní amháin a bhraitheann feidhmíocht éifeachtúil. Tá an tslí ina n-úsáidtear na hacmhainní sin ar a laghad chomh tábhachtach céanna. Tá clár nuachóirithe an Rialtais, agus go háirithe an ról atá ag bainistiú nua-aimseartha acmhainní daonna agus airgeadais agus teicneolaíocht faisnéise mar atá leagtha amach sa chláir, ina n-eilimintí ríthábhachtacha i bhfeabhsú feidhmíochta agus i mbainistiú na n-acmhainní a chuirtear ar fáil i mbealach lán-éifeachtach agus lán-éifeachtúil.

Ar ndóigh beidh tionchar ag an dearcadh atá ag an leibhéal ceannais ar thábhacht agus ról an Choimisiúin i dtaca le hathchóiriú dlí ar an gcaoi a mbreathnaítear ar leithdháileadh acmhainní agus ar thacaíocht d'obair an Choimisiúin trí chéile. Tá sé thar a bheith tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh an Coimisiún i gcónaí i suíomh lárnach i dtaca le hathchóiriú dlí agus go léireodh sé go bhfuil sé inniúil ar mholtaí ciallmhara, ábhartha, bunaithe ar dhea-thaighde a dhéanamh don athchóiriú sin.

Cuireann an Ráiteas Straitéise iad sin san áireamh go hiomlán. Ar an gcéad dul síos, déanann sé foráil do mhór-athruithe ar bhainistiú gníomhaíochtaí de réir chláir athchóirithe an Rialtais, d'fhorbairt cultúir láidir fheidhmíochta ar fud na heagraíochta, d'athruithe riachtanacha ar acmhainní foirne, agus don rannpháirtíocht foirne is mó is féidir i ngach réimse oibriúcháin. Ar an dara dul síos, aithníonn sé an gá leanúnach atá leis an inniúlacht láidir dlí atá ag an eagraíocht a fhorbairt agus tógáil uirthi agus sárchleachtas idirnáisiúnta a bheith ina shlat tomhais d'fheidhmíocht a ghníomhaíochtaí taighde dlí. Tá na gníomhartha sin ar fad riachtanach chun a chinntiú go mbeidh ról fíorthábhachtach ag an gCoimisiún i gcónaí in athchóiriú an dlí de réir a shainordú.

Caidreamh leis an Ard-Aighne

Is toisc thábhachtach eile é cumhacht an Ard-Aighne, faoi Alt 4(2) d'Acht 1975, iarratas a dhéanamh ar an gCoimisiún scrúdú agus taighde a dhéanamh ar réimsí áirithe den dlí. Ar ndóigh, níl aon smacht ag an gCoimisiún ar iarratais dá leithéid sin

a bhíonn de bhreis ar na hábhair a bhíonn cuimsithe ina chlár athchóirithe dlí féin agus a bhféadfadh impleachtaí a bheith acu dá ghníomhaíochtaí taighde féin. Ó 2002, tháinig iarratas in aghaidh na bliana ar an meán ón Ard-Aighne. Bhain siad sin le ceisteanna suntasacha, cosúil le huchtú idirnáisiúnta agus bunú bhunachar sonraí DNA, ceisteanna a bhfuil tábhacht mhór phoiblí leo agus iad ábhartha do Chlár Rialtais an Rialtais.

D'fhéadfadh an suíomh ghinearálta céanna a bheith i gceist i gcásanna ina n-iarrfaí ar an gCoimisiún freagrachtaí breise suntasacha a ghlacadh cosúil le hathráiteas a dhéanamh ar dlí reachtúil. Tá sé tábhachtach impleachtaí na bhfreagrachtaí sin ar an gclár oibre agus ar leibhéal foirne na heagraíochta a mheas in am ionas gur féidir na gníomhartha ullmhúcháin riachtanacha a dhéanamh le go mbeadh an Coimisiún in ann na freagrachtaí nua a ghlacadh agus iad a chomhlíonadh go héifeachtúil.

Dá réir sin déanann an Ráiteas Straitéise foráil do shocruithe cumarsáide le hOifig an Ard-Aighne ar ábhair dá leithéid sin agus ar cheisteanna foirne, airgeadais agus ceisteanna tábhachtacha eile a bhaineann le hoibriú agus le forbairt na heagraíochta. Tá na meicníochtaí cumarsáide atá i gceist bunaithe ar na socruithe reatha ar éirigh go maith leo tríd agus tríd.

Caidrimh Sheachtracha

Is tosca tábhachtacha in obair an Choimisiúin freisin na caidrimh idir an Coimisiún agus daoine agus eagraíochtaí seachtracha.

Mar a luadh níos túisce, bíonn an Coimisiún ag brath go mór ar chúnamh sheachtrach – breithiúna, aturnaetha agus abhcóidí atá ag cleachtadh, dlíodóirí acadúla, ionadaithe Roinne, saineolaithe i réimsí ábhartha neamhdhlíthiúla éagsúla agus ionadaithe grúpaí sainleasa- agus é i mbun a chuid oibre. Tá sé ríthábhachtach mar sin go ndéantar na caidrimh den scoth atá idir an Coimisiún agus na daoine agus na heagraíochtaí atá i gceist- an tSeirbhís Chúirteanna, an Cumann Dlí, Comhairle an Bharra, ollscoileanna, Ranna agus grúpaí seachtracha- a choinneáil agus a fhorbairt. Tá sé tábhachtach freisin go gcuireann an Coimisiún athruithe ar riachtanais agus ar imthosca san áireamh agus é ag baint úsáide chomh mór agus is féidir agus sa tslí is fearr is féidir as an réimse saineolais sheachtrach atá ar fáil dó.

Bíonn tionchar tábhachtach freisin ag clár reachtaíochta an Rialtais agus clár reachtaíochta na Rann ar obair an Choimisiúin. Tá sé soiléir go gcuireann Acht 1975 an Coimisiún i suíomh lárnach ó thaobh athchóiriú dlí agus mar thoradh ar sin ba cheart gach iarracht a dhéanamh dúbláil neamhriachtanach idir a chuid oibre agus obair na Rann a sheachaint.

Faoi mar a tharlaíonn, áfach, is féidir go n-éireodh cásanna ina mbeadh forluí éigin idir na réimsí áirithe. I gcásanna mar sin, tá sé riachtanach go ndéanfaí, trí chumarsáid éifeachtúil idir an Coimisiún agus na Ranna, socruithe chun dúbláil gan gá agus cur amú acmhainní a sheachaint. Oibríonn na socruithe cumarsáide agus tadhail atá ann cheana féin go maith tríd agus tríd ach tá sé tábhachtach go ndéanfaí monatóireacht agus measúnú orthu ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go gcuireann siad éilimh nua agus athruithe ar imthosca san áireamh.

Is eagraíocht shuntasach í an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i dtaca le hobair an Choimisiúin. Tá ról fíorthábhachtach aici i dtacú leis an obair seo, go ginearálta agus freisin i bhforfheidhmiú moltaí athchóirithe dlí an Choimisiúin. Is eilimint shuntasach é athchóiriú dlí i bhfreagrachtaí na Roinne agus tá sé sin le feiceáil ina Ráiteas Straitéise 2005-2007. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go ndéantar na socruithe cumarsáide agus tadhaill den scoth atá idir an Coimisiún agus an Roinn faoi láthair a choinneáil agus a fhorbairt de réir mar is gá.

Tá freagrachtaí suntasacha i dtaca le hathchóiriú dlí dáilte freisin ar Choiste Comhairleach, atá ag oibriú faoi scáth Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear cuidiú leis an Ard-Aighne ar ghnéithe sonracha athchóirithe dlí agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú mholtaí an Choimisiúin. Ar an gCoiste tá ionadaithe ó Ranna an Taoisigh, Airgeadais, Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Sláinte agus Leanaí, Comhairle an Bharra agus an Cumann Dlí.

Is toisc an-tábhachtach freisin in obair an Choimisiúin na caidrimh leanúnacha le hOifig an Ard-Aighne ar pholasaí agus ceisteanna eile a ndearnadh tagairt dóibh níos túisce.

Cuireann an Ráiteas Straitéise seo san áireamh go hiomlán an gá atá ann go gcoinneofaí cumarsáid éifeachtúil agus caidrimh den scoth i gcónaí leis na réimsí seachtracha atá luaite. Tá cuidiú an-tábhachtach le tabhairt acu sin d'obair an Choimisiúin.

Próisis

Tá eolas dlíthiúil agus ard-inniúlacht intleachta dlíthiúla riachtanach d'fhonn obair an Choimisiúin a chomhlíonadh go rathúil. Faightear iad seo i ndá phríomhbhealach- trí earcú fhoireann taighde dlí an Choimisiúin féin agus trí leas, mar atá luaite, a bhaint as daoine seachtracha i réimse an dlí chun cuidiú le hobair an Choimisiúin. Baineann roinnt próiseas tábhachtach leo araon cosúil leis an bpróiseas earcaíochta agus an próiseas trína n-aithnítear agus a n-úsáidtear tacaíocht sheachtrach. Is gá go leor ama agus acmhainní a dháileadh ar na próisis sin d'fhonn na cinní is fearr a dhéanamh ar earcú fhoireann dlí agus ar leas a bhaint as an saineolas seachtrach cuí.

Oibríonn na próisis a fheidhmítear laistigh den eagraíocht sa dá réimse sin go maith tríd agus tríd. Tá sé tábhachtach, áfach, go scrúdófaí iad, in éineacht leis na próisis neamhdhlíthiúla ar fad a bhíonn ar bun ag an eagraíocht mar cuid dá oibriúcháin, chun a chinntiú go bhfuil siad suas go dáta go hiomlán agus de réir athruithe ar imthosca agus ar riachtanais. Éascóidh sé seo an leithdháileadh agus an úsáid is fearr acmhainní foirne agus freisin an chinnteoireacht is fearr sna croí-réimsí sin a bhfuil tábhacht lárnach leo d'obair an Choimisiúin rud a fheabhsóidh freisin éifeachtacht agus éifeachtúlacht fhoriomlán. Forálann an Ráiteas Straitéise, dá réir, don scrúdú sin.

Bainistíocht Riosca

Cuireann an ráiteas san áireamh an gá atá le straitéisí agus polasaithe éifeachtúla agus cuimsitheacha bainistíochta riosca a fhorbairt ar fud na heagraíochta de réir mar atá

leagtha síos i dTuarascáil Mullarkey, treoirínte ábhartha de chuid na Roinne Airgeadais, agus riachtanais dea-rialaithe.

Cuidiú agus Páirteachas Foirne

Is é an toisc dheirdh ach cinnte ní hé an ceann is lú tábhachta a bhfuil tionchar aici ar obair an Choimisiúin ná ról na foirne sna réimsí riaracháin agus dlí araon. Tá cuidiú an-tábhachtach le tabhairt acu thar an réimse gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ar son an Choimisiúin. Tá sé mar aidhm ag an Ráiteas Straitéise an cuidiú seo a thabhairt go dtí an leibhéal is airde trí thionscnaimh ag forfheidhmiú na gcleachtas agus an chur chuige nua-aimseartha is fearr i leith chumarsáid foirne, páirteachas foirne, sainmhíniú ar ról agus freagrachtaí, agus cur chuige comhpháirtíochta a bheidh ag iarraidh feidhmíocht a fheabhsú go leanúnach i ngach mór-réimse oibriúcháin.

Coimriú

Is iad sin thuas na príomhthosca a bhfuil tionchar acu ar obair an Choimisiúin agus atá curtha san áireamh sa Ráiteas Straitéise.

Tríd agus tríd, tá an Coimisiún sásta go bhfuil an inniúlacht ag an eagraíocht plé leis na tosca inmheánacha agus seachtracha atá luaite agus deiseanna a thugann na tosca sin a thapú de réir mar a éiríonn siad. Is féidir aidhm bhunúsach a straitéisí agus tosaíochtaí do 2006 go 2008 agus é ag freagairt an réimse tosca atá luaite a choimriú mar a leanas.

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún tógáil ar an inniúlacht agus eolas dlí, inmheánach agus seachtrach, atá ar fáil dó i láthair na huaire. Is iad sin na nirt is mó atá aige agus é i mbun a chuid oibre. Cuirfidh sé mórbéim freisin ar fhorbairt chur chuige nua-aimseartha bainistíochta agus cultúr láidir feidhmíochta agus cuntasachta ar fud na heagraíochta. Cinnteoidh sé seo go mbeidh feidhmíocht ar chomhchéim leis na cleachtais sheachtracha is fearr, go mbainfear an úsáid is fearr as acmhainní, agus go mbeidh béim leanúnach, i gcomhar leis an bhfoireann, ar a bheith i gcónaí ag feabhsú feidhmíochta.

Cuirfear béim láidir i gcónaí ar shocruithe éifeachtúla cumarsáide agus tadhaill le heagraíochtaí agus daoine aonair i réimse an dlí agus i réimsí eile a choinneáil agus a fhorbairt mar a nótáladh níos túisce.

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún freisin go mbeadh an páirteachas is mó is féidir ag an bpobal agus ag geallshealbóirí eile i bhforbairt agus i bhforfheidhmiú a chlár agus a gníomhaíochtaí athchóirithe dlí. Cinnteoidh an Coimisiún, i dtéarmaí a scóip, cur chuige gairmiúil, bunús taighde agus ábharthacht, go bhfreastalóidh a chuid clár go hiomlán ar na hathruithe atá ag teacht ar an tsochaí agus ar an sainordú atá tugtha don Choimisiún ag an Rialtas atá freagrach i ndeireadh na dála as comhlíonadh an tsainordaithe sin.

BUNCHUSPÓIRÍ- RÉAMHRÁ

Mar thoradh ar an anailís atá luaite sa mhír roimhe seo, tá a chuid tosaíochtaí do 2006-2008, an dá bhliain san áireamh, aitheanta ag an gCoimisiún.

Tá na tosaíochtaí sin cuimsithe i 5 Bhunchuspóir atá leagtha síos sna míreanna seo a leanas.

Beidh na gníomhaíochtaí sonracha a bheidh riachtanach chun na Bunchuspóirí a bhaint amach leagtha síos i bpleananna gnó mheithleacha taighde agus riaracháin an Choimisiúin.

Cuirfear socrúithe mionsonraithe monatóireachta, mar atá coimrithe sa mhír dheiridh den Ráiteas Straitéise, in áit chun a chinntiú go ndéanfar measúnú rialta ar an dul chun cinn i dtreo thosaíochtaí an Choimisiúin a bhaint amach.

BUNCHOSPÓIR 1

Críoch a chur go hardchaighdeán le (1) scrúdú ar réimsí áirithe dlí ó thaobh athchóirithe dlí faoi iarratais ar an gCoimisiún ón Ard-Aighne agus le (2) clár reatha an Choimisiúin, an Dara Clár um Athchóiriú Dlí, de réir fhorálacha an chláir sin agus sa mhéid agus is féidir é laistigh de thréimhse an Ráitis Straitéise seo.

Toradh

Scrúdú ar iarratais reatha ón Ard-Aighne a bheith críochnaithe agus tuarascálacha a bheith curtha chuige le moltaí cuí d'athchóiriú dlí. Tuarascálacha ar ábhair atá cuimsithe ag an Dara Clár um Athchóiriú Dlí a bheith tugtha chun críche agus curtha faoi bhráid an Taoisigh le moltaí cuí d'athchóiriú dlí

Gníomh

Scrúdú ar iarratais reatha ón Ard-Aighne a chríochnú agus tuarascálacha a chur faoi bhráid an Ard-Aighne le moltaí cuí d'athchóiriú dlí

Taighde ar ábhair faoin Dara Clár um Athchóiriú Dlí a chríochnú a mhéid agus is féidir.

Páipéir chomhairliúcháin a eisiúint ar na hábhair sin

An próiseas comhairliúcháin a chríochnú

Tuarascálacha a thabhairt chun críche agus iad a chur faoi bhráid an Taoisigh le moltaí cuí d'athchóiriú dlí

Táscaire Feidhmíochta

Tuarascálacha tugtha chun críche agus curtha isteach

Taighde críochnaithe

Páipéir chomhairliúcháin eisithe

An próiseas comhairliúcháin críochnaithe

Tuarascálacha tugtha chun críche agus curtha isteach

NÓTA

Cuirfear an t-amscála sonracha do gach ceann de na príomhghníomhartha thuas agus aon tionscnamh suntasach eile is gá chun Bunchospóir 1 a bhaint amach, maraon leis an duine/daoine a bheidh freagrach as a bhforfheidhmiú, in iúl i bplean gnó na meithle taighde dlí.

Is ar an duine, is é/í sin an Coimisinéir lánaimseartha nó an Stiúrthóir Taighde, ar a gcuireann an Coimisiún an fhreagracht as tionscadail taighde sonracha a éiríonn faoin Dara Clár nó iarratais ón Ard-Aighne a chríochnú, a bheidh freagracht agus cuntasacht fhoriomlán as na tionscadail sin agus na gníomhartha gaolmhara a bheidh riachtanach chun iad a chríochnú mar atá leagtha síos sa phlean gnó.

BUNCHUSPÓIR 2

Tríú Clár um Athchóiriú Dlí a fhorbairt agus an clár sin a chur faoi bhráid an Taoisigh agus an rialtais le faomhadh.

Toradh

Clár um athchóiriú dlí a oireann do riachtanais sochaí nua-aimseartha, atá loighciúil agus críochnúil ina chur chuige, agus a léiríonn go soiléir tréimhse feidhmithe an chláir, a thabhairt chun críche agus a chur faoi bhráid an Taoisigh le faomhadh ag an Rialtas.

Gníomh

Socráithe sonracha a chur i dtreo chun ionchur a lorg agus a fháil ón bpobal agus grúpaí ábhartha ar na hábhair ba chóir don Tríú Clár a chuimsiú.

Dul i gcomhairle le lucht dlí agus gairme eile agus le comhlachtaí i réimse an dlí agus i réimsí eile maidir le comhdhéanamh cuí an Tríú Clár.

Dul i gcomhairle le Ranna agus Coiste Comhairleach maidir le comhdhéanamh cuí an Tríú Clár

Tuairimí an Choimisiúin agus ionchur ón bhfoireann taighde dlí a lorg maidir le comhdhéanamh an chláir

Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairtí i dtíortha ábhartha eile, cláir Coimisiúin Dlí eile agus ábhar foinse dlí ábhartha eile d'fhonn a n-impleachtaí do chomhdhéanamh an chláir a bhreithniú

Cinneadh a dhéanamh ar Tríú Clár um Athchóiriú Dlí deifnídeach agus é a chur faoi bhráid an Taoisigh le faomhadh ag an Rialtas

Táscaire Feidhmíochta

Socrúithe éifeachtúla bunaithe agus ag obair

Comhairliúcháin críochnaithe

Comhairliúcháin críochnaithe

Tuairimí faighte

Athbhreithniú críochnaithe

Clár curtha isteach, faomhadh an Rialtais faighte

NÓTA

Cuirfear an t-amscála sonracha do gach ceann de na príomhghníomhartha thuas agus aon tionscnamh suntasach eile is gá chun Bunchuspóir 2 a bhaint amach, mar aon leis an duine/daoine a bheidh freagrach as a bhforfheidhmiú, in iúl i bplean gnó na meithle taighde dlí.

Beidh freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ar an gCoimisiún as cinní ar chomhdhéanamh agus ar thréimhse fheidhmithe an Tríú Clár agus as é a chur faoi bhráid an Taoisigh i gcomhair faomhadh an Rialtais

Is ar an duine, is é/í sin an Coimisinéir lánaimseartha nó an Stiúrthóir Taighde, a bheidh ainmnithe ag an gCoimisiún chun na gníomhartha sonracha ullmhúcháin atá luaite thuas i dtaca leis an Tríú Clár a tabhairt chun críche a fhorfheidhmiú , a bheidh freagracht agus cuntasacht fhoriomlán as na gníomhartha atá i gceist agus aon tascanna gaolmhara a bheidh riachtanach d'fhonn iad a fhorfheidhmiú go rathúil

BUNCHUSPÓIR 3

Na freagrachtaí a thug an Rialtas tríd an Ard-Aighne don Choimisiún i 2006 i dtaca le hathráiteas a dhéanamh ar an dlí reachtúil a fhorfheidhmiú.

Toradh

Athráitis chuimsitheacha agus chruinne ar an dlí reachtúil mar a bheidh sonraithe, a chuideoidh leis an Oireachtas, breithiúna, cleachtóirí dlí, grúpaí sainleasa agus grúpaí eile agus an pobal trí chéile, a thugann reachtaíocht suas go dáta trí chorprú agus crosthaigairt ar gach leasú reachtúil a rinneadh ón achtú bunaidh.

Gníomh

Na hacmhainní foirne a fháil, lena n-áirítear Bainisteoir Tionscadail, atá riachtanach do chomhlíonadh na bhfreagrachtaí nua Athráiteas.

Clár cuimsitheach oibre a fhorbairt, ag aithint scóip na hoibre Athráiteas, tosaíochtaí i leith Achtanna sonracha i gcomhar leis na Ranna ábhartha agus Oifig an Ard-Aighne, fráma ama foriomlán an tionscadail, agus socruithe cumarsáide le hOifig an Ard-Aighne

An clár oibre a fhorfheidhmiú ar an mbonn atá socraithe thuas

An clár a chríochnú

Táscaire Feidhmíochta

Acmhainní foirne in áit

An clár forbartha

An clár forfheidhmithe

Torthaí curtha faoi bhráid an Ard-Aighne le deimhniú

NÓTA

Cuirfear an t-amscála sonracha do gach ceann de na príomhghníomhartha thuas agus aon tionscnamh suntasach eile is gá chun Bunchuspóir 3 a bhaint amach, mar aon leis an duine/daoine a bheidh freagrach as a bhforfheidhmiú, in iúl sa phlean gnó don chuspóir sonracha seo.

Is ar an Rúnaí/Ceann Riaracháin a bheidh freagracht agus cuntasacht fhoriomlán as na hacmhainní foirne riachtanacha a fháil agus as gach gníomh a bhíonn riachtanach chun iad a fháil.

Is ar an gCoimisiún a bheidh freagracht agus cuntasacht fhoriomlán as an gclár cuimsitheach oibre athráiteas a fhaomhadh bunaithe ar a bhreithniú ar dhréachtchlár a bheidh curtha le chéile ag an mBainisteoir Tionscadail i gcomhairle leis an gCoimisinéir lán-aimseartha agus leis an Stiúrthóir Taighde.

Is ar an mBainisteoir Tionscadail a bheidh freagracht agus cuntasacht fhoriomlán as an gclár a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil agus de réir na riachtanas a mbeidh cinneadh déanta orthu ag an gCoimisiún agus, i gcomhar leis an Stiúrthóir Taighde agus/nó an Coimisinéir mar is cuí, as tadhall le hOifig an Ard-Aighne maidir leis an tionscadal.

Is ar an gCoimisiún a bheidh freagracht agus cuntasacht fhoriomlán as Athráitis a chur faoi bhráid an Ard-Aighne le deimhniú.

BUNCHUSPÓIR 4

A chinntiú go n-oibríonn réimse taighde na heagraíochta, le páirteachas iomlán na foirne dlí ar fad, le h-éifeachtacht agus éifeachtúlacht den scoth agus de réir sárchleachtais idirnáisiúnta.

Toradh

Tá an taighde a bhíonn ar bun ag an gCoimisiún lárnach do chomhlíonadh éifeachtúil a shainordú. Is bun-nirt maidir le sin na scileanna dlíthiúla atá ar fáil sa réimse taighde, agus fairsinge, caighdeán agus táirge an taighde a bhíonn ar bun. Is é an toradh a bheidh ar ghníomhartha faoin gcuspóir seo ná go mbeidh géag taighde na heagraíochta ag oibriú go caighdeáin feabhais ar chomhchéim le sárchleachtais idirnáisiúnta sa réimse seo.

Gníomh

An cur chuige a bhíonn ag Coimisiún Dlí eile agus comhlachtaí ábhartha dlí agus eile agus iad ag stiúradh taighde a scrúdú.

Sárchleachtas agus slata tomhais ábhartha idirnáisiúnta sa réimse taighde a aithint

Athruithe cuí i mbainistiú agus seachadadh gníomhaíochtaí taighde a bhreithniú, a aithint agus a fhorfheidhmiú, i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an bhfoireann i bhfianaise a bhfuil thuas

Socruithe a fhorbairt, i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an bhfoireann, chun go mbeadh an chumarsáid agus an tadhall is éifeachtúla is féidir idir Coimisiún, Stiúrthóir Taighde agus foireann i seachadadh an chláir taighde.

Athbhreithniú a dhéanamh go bliantúil, i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an bhfoireann, ar bhealaigh le hoibriú an chláir taighde a fheabhsú agus aon athruithe riachtanacha a fhorfheidhmiú

Príomhphróisis dlíthiúla na heagraíochta a scrúdú agus athruithe a mholadh don Choimisiún de réir mar atá riachtanach

Táscaire Feidhmíochta

An scrúdú críochnaithe

Sárchleachtas agus slata tomhais aitheanta

Athruithe cuí forfheidhmithe

Socruithe forfheidhmithe

Athruithe riachtanacha forfheidhmithe

Athruithe riachtanacha molta

NÓTA

Cuirfear an t-amscála sonrath do gach ceann de na príomhghníomhartha thuas agus aon tionscnamh suntasach eile is gá chun Bunchuspóir 4 a bhaint amach, maraon leis an duine/daoine a bheidh freagrach as a bhforfheidhmiú, in iúl i bplean gnó na meithle taighde dlí.

Is ar an Stiúrthóir Taighde a bheidh freagracht agus cuntasacht fhoriomlán as Bunchuspóir 4 a fhorfheidhmiú agus as gníomhartha gaolmhara mar atá leagtha síos i bplean gnó na meithle taighde dlí. Beidh an Stiúrthóir taighde ag obair go dlúth leis an Rúnaí/Ceann Riaracháin i dtaca leis an scrúdú ar an bpróiseas earcaíochta do Thaighdeoirí Dlí.

BUNCHUSPÓIR 5

Tacú le hobair an Choimisiúin i gcinntiú go seachadtar seirbhísí sa tslí is cost-éifeachtúla agus is éifeachtaí agus leis an rannpháirtíocht foirne is mó is feidir.

Toradh

Meitheal riaracháin (lena n-áirítear pearsanra leabharlainne) a bhfuil bunról á imirt acu i ngníomhaíochtaí tacaíochta, trí fhorbairt agus fhorfheidhmiú chur chuige nua-aimseartha acmhainní daonna agus bainistíochta airgeadais ar fud na heagraíochta, trí fhorbairt agus fhorfheidhmiú cleachtas agus cur chuige nua-aimseartha caidreamh foirne, trí sholáthar tionscnamh éifeachtúil agus ábhartha forbartha foirne agus oiliúna, agus trí sholáthair seirbhísí lánéifeachtúla teicneolaíochta faisnéise, leabharlanna agus seirbhísí eile.

Gníomh

Bunriachtanais chláir nuachóirithe an rialtais i dtaca le bainistíocht acmhainní daonna agus airgeadais a fhorfheidhmiú

PMDS a fhorfheidhmiú ar fud na heagraíochta

An Creat Faisnéise Bainistíochta (MIF) a fhorfheidhmiú laistigh den eagraíocht

Socruithe cúí comhairliúcháin agus rannpháirtíochta foirne a fhorbairt, i gcomhairle le bainistíocht agus foireann

Cláir oiliúna ábhartha a fhreastalaíonn ar riachtanais cumais agus scileanna na heagraíochta a fhorbairt, i gcomhairle le bainistíocht agus foireann

An clár teicneolaíochta faisnéise is fearr a oireann do riachtanais athraitheacha na heagraíochta a fhorfheidhmiú, i gcomhairle le bainistíocht agus foireann

Próisis neamhdhlíthiúla uile na heagraíochta a scrúdú agus athruithe a mholadh de réir mar atá riachtanach

Polasaí bainistíochta riosca don eagraíocht

Táscaire Feidhmíochta

Riachtanais forfheidhmithe

PMDS forfheidhmithe

MIF forfheidhmithe

Socraithe forfheidhmithe

Cláir forfheidhmithe

Cláir forfheidhmithe

Athruithe riachtanacha molta

Polasaí forfheidhmithe

a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú

A chinntiú, i gcomhairle le réimsí oibre eile, go bhfuil a gcuid riachtanas san áireamh i soláthar na seirbhíse leabharlainne

Seirbhís leabharlainne den scoth

Moltaí foirne, struchtúir agus moltaí eile i dtuarascáil mí na Samhna 2005 ar athbhreithniú na heagraíochta a fhorfheidhmiú

Moltaí forfheidhmithe

Socruithe cumarsáide agus tadhaill le hOifig an Ard-Aighne a fhorbairt agus a choinneáil

Socruithe éifeachtúla in áit

NÓTA

Cuirfear an t-amscála sonrath do gach ceann de na príomhghníomhartha thuas agus aon tionscnamh suntasach eile is gá chun Bunchuspóir 5 a bhaint amach, maraon leis an duine/daoine a bheidh freagrach as a bhforfheidhmiú, in iúl i bplean gnó mheitheal riaracháin (lena n-áirítear foireann leabharlainne) na heagraíochta.

Is ar an Rúnaí/Ceann Riaracháin a bheidh freagracht agus cuntasacht fhoriomlán as Bunchuspóir 5 agus gníomhartha gaolmhara mar atá leagtha síos i bplean gnó na meithle riaracháin a fhorfheidhmiú.

SOCRUITHE MONATÓIREACHTA

Beidh na socruithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Ullmhófar agus tabharfar chun críche pleananna gnó sonracha ag tagairt do pháirt na meitheal riaracháin agus taighde dlí i mbaint amach na mBunchuspóirí ata luaite;
- leagfaidh na pleananna gnó seo síos go soiléir na gníomhartha sonracha atá á ndéanamh i ngach réimse; an duine/na daoine atá freagrach as gach gníomh a fhorfheidhmiú; an sprioc-am foriomlán do gach gníomh; an sprioc do 2006 agus don chéad ráithe eile; agus an duine ar a bhfuil cuntasacht fhoriomlán faoi gach gníomh;
- beidh freagracht agus cuntasacht fhoriomlán as spriocanna sonracha plean gnó i dtaca le Bunchuspóirí 1, 2 agus 3 mar a bheidh curtha in iúl sna pleananna gnó ábhartha do na cuspóirí sin;
- beidh freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ar an Stiúrthóir Taighde (Bunchuspóir 4) agus an Rúnaí/Ceann Riaracháin (Bunchuspóir 5) as spriocanna plean gnó a bhaint amach i dtaca le na cuspóirí sin;
- gach ráithe déanfaidh grúpa (an tUachtarán, Coimisinéir lán-aimseartha, Rúnaí/Ceann Riaracháin, Stiúrthóir Taighde agus Bainisteoir Tionscadail) measúnú ar dhul chun cinn ar gach Bunchuspóir i gcomhar leis an duine/na daoine ar a bhfuil cuntasacht fhoriomlán don chuspóir;
- tabharfaidh an grúpa sin tuairisc ar dhul chun cinn gach 6 mhí don Choimisiún ach cuirfidh sé ina láthair ar an bpointe aon mhórfhadhbanna, bagairtí nó deiseanna a bheadh ag teacht chun cinn;
- déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise seo ag deireadh 2006 agus déanfaidh sé cinneadh, i bhfianaise dul chun cinn, pé acu a mbeadh gá go gcuirfí aon mhóráthruithe air do 2007;
- beidh plé ag deireadh 2006 le hOifig an Ard-Aighne chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ginearálta faoin Ráiteas Straitéise agus chun breithniú ar aon mhóráthruithe a bheadh riachtanach do 2007;
- Déanfaidh an Coimisiún cinneadh ar aon athruithe riachtanacha ar an Ráiteas Straitéise do 2007, ag éirí as breithniú an Choimisiúin nó as an bplé le hoifig an Ard-Aighne

AGUISÍN

AN DARA CLÁR LE BRAINSÍ ÁIRITHE DLÍ A SCRÚDÚ D'FHONN IAD A ATHCHÓIRIÚ: 2000-2007 FAOFA AG AN RIALTAS 19 NOLLAIG 2000

An Córas Dlí

1. Rochtain ar an dlí don saoránach agus, go háirithe, éifeachtúlacht fhógairt agus scaipeadh reachtanna agus ionstraimí reachtúla.
2. Tréimhsí teorann i gcás caingean.
3. Caingne aicmeacha agus caingne ionadaíochta a thionscnaítear ar son leas an phobail.
4. Seachréiteach díospóidí.
5. Dlí Reachtúil: sainchúram an Choimisiúin faoin gCéad Chlár i leith dréachtadh agus léirmhíniú reachtúil a chríochnú.

Fianaise

6. Fianaise Fhóiréinseach
7. Gnéithe eile de dhlí na fianaise i gcásanna sibhialta agus coiriúla.

Dlí Riaracháin

8. Binsí Fiosrúcháin.
9. Achomhairc ó chinní riaracháin lena n-áirítear athbhreithniú breithiúnach.

Dlí Cearta Sibhialta

10. Dlí Príobháideachais
 - (i) Príobháideachas agus dlí na tostaobhachta;
 - (ii) Príobháideachas i gcomhthéacs an chórais ceartais coiriúil: saolré taifead coiriúil agus scríosadh cionta áirithe den taifead;
 - (iii) Príobháideachas i gcomhthéacsanna institiúideacha áirithe: an láthair oibre; an córas cúraim sláinte; príosúin.

Dlí Coiriúil

11. Dlí Dúnbhásaithe
12. Cosaintí lena n-áirítear briogadh, cosaint dhlisteanach, éigeantas agus riachtanas.
13. Cionta neamhfhorásta
14. Nós imeachta i gcásanna coiriúla.
15. Ceartas íocshláinteach.
16. Dliteanas coiriúil corparáideach.
17. Pionóis do mhionchionta.

Dlí Oibleagáidí

18. Dlí torta. Gnéithe den dlí maidir le cúiteamh ar dhíobháil phearsanta.

19. Dlí conartha. Ionpháirteacht i gconradh agus cearta tríú páirtithe.

Maoin Réadach agus Phearsanta

20. Dlí na n-iontaobhas lena n-áirítear dlí na gcarthanas.

21. Dlí comharbais.

22. An dlí maidir le teaghaisí ilaonaid.

23. Leanfaidh an Coimisiún lena athbhreithniú ginearálta ar dhlí talún agus tíolactha le cúnamh a Ghrúpa Oibre speisialach seasta.

Dlí Tráchtála

24. Ó tharla go bhfuil sé beartaithe ag an Rialtas Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí reachtúil a bhunú, déanfar athbhreithniú agus scrúdú ar cheisteanna reatha a éiríonn i réimse an dlí tráchtála, mar is cuí.

25. Eisceachtaí ón bprionsabal *nemo dat quod non habet* maidir le haistriú teidil in earraí.

An Dlí agus an tSochaí Faisnéise

26. Tráchtáil leictreonach agus an tIdirlíon, i dtaca nuair is cuí le gníomhaíochtaí atá nó a bheidh ar bun ag Ranna Rialtais agus go háirithe:

(i). príobháideachas ar an idirlíon agus criptiúchán.

(ii) dlíteanas soláthróirí seirbhíse.

Grúpaí Soghonta agus an Dlí

27. An dlí agus daoine scothaosta, lena n-áirítear cosaint dhlíthiúil daoine scothaosta agus iad ag aistriú sócmhainní agus ‘réamthreoracha cúraim’

28. An dlí a bhaineann le daoine le míchumais fhisiciúla, intinne nó foghlama, lena n-áirítear ceisteanna inniúlachta, caomhnóireachta agus ceart pósta.

Dlí Teaghlaigh

29. Dlí uchtaithe – athbhreithniú ginearálta.

30. Cearta agus dualgais daoine in aontíos céileachais.

Dlí Idirnáisiúnta

31. Idirbheartú agus ullmhú comhaontuithe idirnáisiúnta éagsúla, lena n-áirítear a bhforfheidhmiú i ndlí na hÉireann. Tugaimid aird ar leith ar rannpháirtíocht na hÉireann i gcoinbhinsiúin a ullmhaíonn UNIDROIT, UNCITRAL agus Comhdháil na Háige ar Dhlí Príobháideach Idirnáisiúnta.

Bille Forálacha Ilghnéitheacha

32. Leanfaidh an Coimisiún ag ullmhú Bille Athchóirithe Dlí (Forálacha Ilghnéitheacha) bliantúil mar fheithicil le mion-athchóirithe a dhéanamh, ag síneadh thar na brainsí dlí atá clúdaithe sa Chlár seo.

Ginearálta

Tá sé deacair, ar ndóigh, réamhfhaisnéis a dhéanamh ar athruithe a éileoidh athchóiriú dlí san am atá le teacht. Dá réir sin, is é tuairim an Choimisiúin gur fearr cur leis an liosta ábhar difriúil atá tugtha thuas trína rá má bhíonn gá, de bharr imeachtaí, le hathchóiriú dlí in aon réimse laistigh d'aon cheann de na brainsí dlí atá leagtha amach thuas, go dtabharfaidh an Coimisiún, nuair is cuí, agus faoi réir teorainneacha a chuid acmhainní, na moltaí riachtanacha chun tosaigh. Tá spéis leanúnach ag an gCoimisiún i gcódaíocht an dlí agus tá sé i gceist aige aghaidh a thabhairt ar cheist na códaíochta i leith ábhar a thiteann laistigh de bhraintsí dlí atá leagtha amach sa Chlár seo de réir mar is cuí. Sna réimsí sin ar fad, beidh aird ag an gCoimisiún, nuair is cuí, ar ghníomhaíochtaí chomhlachtaí oifigiúla eile a bhfuil spéis acu in athchóiriú dlí, ina measc an tSeirbhís Chúirteanna, agus beidh sé réidh le comhoibriú leo.